



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

I gcomhar le



BYRNE LOOBY

ARCADIS

Scéim Fóirithinte Tuilte Bhealach Fhéich-Srath An Urláir



Nuachtlitir Nollaig 2021

SAN EAGRÁN SEO

Léargas Is Deireanaí

Tá dul chun cinn seasta déanta ar Scéim Fóirithinte Tuilte Bhealach Fhéich-Srath An Urláir ó cuireadh an nuachtlitir dheireanach amach i mí Mheán Fómhair. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ar an scéim, bhí bailiú sonraí, oibreacha suirbhé innealtóireachta agus timpeallachta, fiosrúcháin suímh, oscailt an imeachta comhairliúcháin poiblí, samhaltú hidrálach, agus measúnú hidreolaíoch.

Oibreacha Suirbhé

Léargas gairid ar na hoibreacha suirbhéireachta go dtí seo.

Lch 2

An Hidreolaíocht & an Hiodrálaic

Achoimre ar an mheasúnú hidreolaíochta faoi choinne Bhealach Fhéich-Srath an Urláir.

Lch 3

Comhairliúchán Páirtithe Leasmhara

Achoimre ar Imeacht Comhairliúcháin Poiblí Uimh. 1

Lch 4

Oibreacha Suirbhéireachta & Fiosrúcháin Suímh

Fágadh faoi chúram Murphy Geospatial Ltd suirbhéanna breise topagrafacha a dhéanamh faoi choinne Bhealach Féich-Srath an Urláir. Tá na hoibreacha suirbhéireachta go léir curtha i gcrích anois do na bailte nasctha seo.


Cuireadh na réamhsuirbhéanna suímh go léir i gcrích i mí Dheireadh Fómhair. Cuirfear torthaí na suirbhéanna agus na staidéir dheisce sin i dtoll a chéile ina dtuairisc srianta comhshaoil, tuairisc a chuideoidh scéim a leagan amach atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de.

Rinneadh suirbhéanna ar speicis ionracha choimhthíocha agus baineadh leas as na torthaí sa Phlean Bainistithe Speicis Ionracha Choimhthíocha. Mar thoradh ar an phlean sin, ceapfar conraitheoir le tabhairt faoi na speicis seo mar is ceart san áit a mbeidh siad le fáil faoi theorainneacha na Scéime Fóirithinte Tuilte in 2022.

Rinne ByrneLooby suirbhé tosaigh ar an chlaífort tuilte reatha ar feadh Abhainn na Finne ag Bealach Féich i mí na Samhna. Beidh tuilleadh measúnaithe de dhíth ar an chlaífort, agus tabharfar sin chun cinn sna míonna amach romhainn.

Úsáidtear suirbhéireacht LiDAR le limistéir mhóra thopagrafacha a ghabháil ón spéir, rud atá tábhachtach le samhaltú beacht hidreolaíoch a fhorbairt. Tá an suirbhé le tosú go fóill de bharr aimsir neamhfhoirsteanach. Idir an dá linn, tá muid ag déanamh dul chun cinn ar shamhail a thógáil le sonraí reatha.

Táthar ag déanamh suirbhéanna dálaí faoi láthair ar na lintéir reatha sna bailte nasctha, agus beidh an suirbhé sin réidh i mí na Nollag.



Oibreacha Suirbhé Comhshaoil, Bealach Féich-Srath an Urláir 2021



Anailís Hidreolaíoch & Samhaltú Hiodrálach


Reachtáladh an cheardlann hidreolaíochta faoi choinne Bhealach Féich-Srath an Urláir i mí Dheireadh Fómhair 2021. San áireamh sa ráiteas uasdátaithe ar mhodhanna hidreolaíochta, bhí tráchtanna a rinne an Grúpa Stiúrtha ag an cheardlann.

Tá an anailís hidreolaíoch ag dul chun cinn, agus tá an dréacht-tuairisc hidreolaíochta le bheith réidh i mí Eanáir. Tá céimeanna á nglacadh againn lena chinntiú go bhfuil anailís hidreolaíochta Abhainn na Finne ag teacht le Scéimeanna Fóirithinte Tuilte Chaisleán na Finne agus Leifir.

Cuireadh tús le forbairt na samhla hiodráláí ag baint úsáid as sonraí an tsuirbhé thopagrafaigh.



Carrchlós Jackson's Hotel



Imeacht Teagmháil Phoiblí

Reáchtaladh an chéad imeacht comhairliúchán poiblí ó Luan an 27^ú Meán Fómhair go dtí Aoine an 22^ú Deireadh Fómhair. Rinneadh fógraíocht ar an imeacht ar líne trí shuíomh gréasáin an tionscadail, nuachtáin agus raidió áitiúil. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall amach 430 paca eolais, ar a n-áirítear bileoga gairide eolais, ceistneoir agus clúdaigh réamhíochta faoi choinne freagraí chuig seoltaí taobh istigh den teorainn achar tuilte AEP 0.1% i mBealach Féich-Srath an Urláir.

Fuarthas 15 fhreagra ar an cheistneoir. Cuirfear an t-eolas seo leis an Staidéar Srianata Comhshaoil, agus déanfar machnamh air i dtaca le forbairt roghanna féideartha don scéim.

Ceardlann Chomhoibríoch

Reáchtáladh ceardlann chomhoibríoch ar an 7^ú Nollaig le roinnt ranna ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus forais phoiblí Réigiúnacha/Náisiúnta le gach duine a chur ar an eolas maidir le haidhmeanna agus le cuspóirí na scéime, agus le gníomhaíochtaí agus tionscadail chomhchosúla a chomhordú idir na heagrais éagsúla.

Cad é an chéad chéim eile?

Sna cúpla mí amach romhainn, beidh an fhoireann ag obair ar:

- ➔ Bailiú sonraí, ar a n-áirítear measúnú mionsonraithe ar chlaífort tuilte reatha Abhainn na Finne.
- ➔ Cur i gcrích na suirbhéanna Lintéar agus LiDAR.
- ➔ Cur i gcrích an Staidéir Srianata Comhshaoil
- ➔ Measúnuithe Comhshaoil – ionchur speisialtóirí
- ➔ Cur i gcrích na dréacht-tuairisce hidreolaíochta
- ➔ Leanúint leis an tSamhaltú Hiodrálach



Déan Teagmháil Linn

Má tá tú ag iarraidh dul i dteagmháil lenár bhFoireann Tionscadail maidir le gné ar bith a bhaineann le Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir, is féidir sin a dhéanamh trí:

R-phost

Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com

Post

Bainisteoir Tionscadail SFT Bhealach Féich-Srath an Urláir

ByrneLooby

Foirgneamh 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile

Corcaigh

Guthán +353 (0) 21 240 7988

Más maith leat tuilleadh eolais ar an scéim, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin:

www.floodinfo.ie/frs/en/Ballybofey-Stranorlar/home/